**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***2 uair 30 nóiméad***

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*


**1.** An balla seachtrach ar theach cónaithe, is blocbhalla coincréite 400 mm é agus tá cuas láninslithe ann agus tá an balla á iompar ar dhúshraith (fotha) stéille traidisiúnta. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Tá bailchríoch de thíleanna urláir 20 mm ar urlár inslithe coincréite na talún, mar a thaispeántar.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an dúshraith stéille, tríd an mballa seachtrach agus trí urlár na talún. Taispeáin ar do líníocht na gnáth-shonraí tógála ó bhun na dúshraithe go pointe atá 200 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Taispeáin leithead 900 mm den urlár inmheánach agus cuir isteach **ceithre** ghnáth-thoise.

**(b)** Ar do líníocht, taispeáin an ghnáth-shonraíocht dearaidh a chinnteoidh nach dtiocfaidh taise isteach san fhoirgneamh aníos tríd an urlár.

**2.** An balla seachtrach a mholtar do theach cónaithe nua, is de bhloc coincréite 100 mm é an duille seachtrach, tá cuas 200 mm ann agus is de bhloc coincréite 100 mm é an duille inmheánach, mar a thaispeántar.



**(a)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin modh oiriúnach **amháin** leis an gcuas a mholtar a insliú. Ainmnigh an saghas inslithe atá le húsáid agus scríobh síos a tiús.

**(b)** Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur sa chuas.

**(c)** Ar sceitse ar leith, bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh **amháin** le hinsliú breise a chur sa bhalla seo chun a chuid airíonna teirmeacha a fheabhsú.

**3.** **(a)** Is féidir sorn dóite adhmaid a úsáid chun radaitheoirí a théamh i dteach cónaithe. Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar agus, ar do sceitse, taispeáin an phíobobair atá riachtanach chun **uisce te** a sholáthar ón sorn go dtí na radaitheoirí ar urlár na talún, agus chun an t-uisce san sorcóir ar an gcéad urlár a théamh chomh maith.



Cuir isteach na nithe seo a leanas i do sceitse:
- an sorn dóite adhmaid
- an sorcóir don uisce te
- an phíobobair go dtí an sorcóir
- an umar/soitheach borrtha
- an phíobobair go dtí na radaitheoirí
- na comhlaí agus na caidéil riachtanacha uile.

**(b)** Sa lá ata inniu ann cuirtear isteach córas teasa faoin urlár de rogha ar radaitheoirí. Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le córas teasa faoin urlár a chur isteach.

**4.** Is gá pleanáil go cúramach chun fuíollábhar a bhainistiú ar láithreán tógála ionas gur féidir ábhair thógála a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil. Taispeántar sa sceitse modh bainistithe fuíollábhair amháin gur féidir a úsáid chun ábhair a shórtáil ar láithreán.



**(a)** Pléigh **dhá** chúis gur ceart do chomhlacht tógála plean bainistithe fuíollábhair a bheith acu dá láithreán.


**(b)** Ainmnigh **dhá** ábhar tógála a d’fhéadfaí a athchúrsáil agus a athúsáid ansin ar láithreán tógála. Tabhair athúsáid oiriúnach **amháin** do gach ábhar.

**(c)** Agus nótaí agus sceitse saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin modh **amháin** eile chun ábhair a shórtáil agus a stóráil ar láithreán tógála.

**5.** Taispeántar sa sceitse cuid de dhíon claonta, an mullach san áireamh. Is díon traidisiúnta gearrtha sclátaí é an díon agus tá claonadh 45$^{o}$ ann. Tá na sclátaí feistithe le caolaigh 50 mm × 20 mm ar scannán sceite á iompar ar rachtaí 200 mm × 50 mm. Tá ardinsliú sa díon ag leibhéal an mhaide snaidhmthe agus thíos faoi tá síleáil de phlástarchlár inslithe.

**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an díon ag an mullach. Taispeáin na gnáth-shonraí tógála ó bharr an mhullaigh go leibhéal atá 100 mm faoi bhun na maidí snaidhmthe. Tá na maidí snaidhmthe suite 900 mm faoi bhun leibhéal an mhullaigh.
Cuir isteach trí chúrsa sclátaí ag an mullach.


Cuir isteach **trí** ghnáth-thoise ar do líníocht.



**(b)** Taispeáin ar do líníocht modh **amháin** chun an díon a aeráil.

**6.** **(a)** Bain úsáid as sceitsí móra saorláimhe agus taispeáin **trí** chomhartha sábháilteachta a chuireann béim ar úsáid trealaimh cosanta pearsanta (*PPE* i mBéarla) nach mór do na hoibrithe go léir a chaitheamh ar láithreán tógála.


Maidir le **gach** comhartha díobh, luaigh conas a dhéanann an trealamh cosanta pearsanta na hoibrithe a chosaint ar an láithreán.



**(b)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór d’oibrithe a dhéanamh agus iad ag obair in airde ar láithreán tógála.

**(c)** Tabhair **dhá** chúis nach mór do gach oibrí tógála cúrsa oiliúna sábháilteachta a dhéanamh sula dtosaíonn siad ag obair ar láithreán tógála.

**7.** Taispeántar dréacht-dhearadh le haghaidh seomra folctha atá oiriúnach do dhuine ag a bhfuil a luaineacht theoranta. Taispeántar suíomhanna na fuinneoige agus an dorais.




**(a)** Tarraing sceitse saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do **gach** ceann díobh seo a leanas sa seomra folctha:

• *leithreas* • *báisín níocháin* • *limistéar don chithfholcadán.*

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.

**(b)** Tá cinneadh déanta ag úinéir an tí greimráillí, cosúil leo siúd a thaispeántar, a shuiteáil sa seomra folctha chun go mbeidh sé éasca ag gach úsáideoir é a úsáid. Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** shuíomh a bhféadfaí na greimráillí a chur.



Pléigh fáth **amháin** le gach suíomh díobh.


**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le seomra folctha a dhearadh a bheadh oiriúnach do dhuine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- landar stoda
- gloine dhinimiciúil
- giarsa frámála
- alt *domino*
- pirít
- buninse
- tástáil sleabhctha
- dúshraith pílí
- grianphainéal.

**9.** Taispeántar sa sceitse teach leathscoite a bhfuil síneadh ag an gcúl. Tá cumhdach seachtrach adhmaid mar bhailchríoch ar an síneadh.

**(a)** Pléigh **dhá** chúis a gcuirfeadh úinéir tí síneadh lena theach.



**(b)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** athrú ar an síneadh a scaoilfeadh solas nádúrtha breise isteach sa teach cónaithe.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste do mhuintir an tí a bhaineann leis an méid solais nádúrtha a thagann isteach sa teach a mhéadú.